# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Féile Bríde- Ceiliúradh le Chéile




D'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir ócáid an 1 Feabhra in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh chun Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh.
Bhí an t-ádh orainn go raibh aoichainteoirí iontacha linn. D'inis Máirín Ní Fhionghúin dúinn faoi na féilte/traidisiúin atá acu i nGaeltacht na hAlban. Thug Laoighseach Ní Choistealbha cuntas dúinn ar a tréimhse i Ruisín na Mainiach, 'Bliain amháin i gConamara Theas', áilleacht an cheantair agus léigh sí dán dúinn. Rinne Mairéad Bhiddy Ní Chonaola cur síos ar Bhríd féin - an bhandia agus an naomh- agus an béaloideas agus na nósanna a bhaineann leis an bhféile. Chomh maith leis sin, léigh Eithne Nic Dhonnchadha caibidil faoi Naomh Bríd ó leabhar léi féin agus a gariníon Róisín, 'Máistir Leon ag Taisteal'. Ar ndóigh, bhí neart ceoil, damhsa agus amhránaíochta ar siúl ag an ócáid chomh maith agus ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na ceoltóirí, damhsóirí agus amhránaithe ar fad a chur go mór leis an oíche. Táimid an-bhuíoch don Bhean an Tí, Neansaí Ní Choisdealbha, a chur ord agus eagar ar an oíche agus í gealgháireach ag an am céanna.
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an OPW agus foireann Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh. Bíonn siad i gcónaí breá sásta an t-ionad a chur ar fáil dúinn agus chuile cúnamh a thabhairt. Buíochas le Clíona agus foireann Tigh Mheaic a chur, mar is iondúil, sólaistí blasta ar fáil chun ár mboilg a choinneáil lán le linn na hócáide.
Go mbeirimid beo ar an am seo arís.







Seo leanas dán a scríobh Mairéad Ní Chonaola agus a léigh sí ag an ócáid Féile Bríde- Ceiliúradh le Chéile. Is 'Plúirín Sneachta' an t-ainm atá ar an dán álainn seo:

*Plúirín sneachta*
*Plúirín na háilleachta*
*Ar dhath bán an tsneachta*
*Chomh mín le sról.*
*Cróga, calma*
*An Gheimhreadh sáraithe agat*
*A dúshlán tugtha agat*

*Plúirín sneachta*
*Ardú croí thú*
*Seod Bhríde thú*
*Caoithiúil mín thú*
*Do cheann geal thíos agat.*
*Teachtaireacht na dílseachta thú*
*Crógach na laoch ionat*
*Ceiliúraí áilleacht an dúlra.*



## Ceardlann Croise Bríde

Le linn maidin Lá Fhéile Bríde, d'eagair Forbairt Chonamara Láir Teo., i gcomhar le Pobal Mám Éan Teo., Ceardlann Croise Bríde i Sraith Salach. D'fhoghlaim na rannpháirtithe óna chéile agus bhí neart comhráití agus spraoi idir na glúnta.

Ba mhaith le Forbairt Chonamara Láir Teo., buíochas a ghlacadh le:

- Pobal Mam Éan Teo.
- Pleanáil Teanga Chonamara Láir
- Siopa Seoige, Sraith Salach
- Rannpháirtithe Scéimeanna Fostaíochta Chonamara Láir
- Naíonra Shraith Salach





# Géarchéim Tithíochta na Gaeltachta




Bhí foireann Phleanáil Teanga Chonamara Láir i láthair i measc na nGael ag an léirsiú taobh amuigh de Theach Laighean an 13 Feabhra, chun géarchéim tithíochta na Gaeltachta a chur ar aird na bpolaiteoirí. Bhí an Roghchoiste um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht ag cur tús lena phlé ar na leasuithe ar an mBille um Pleanáil agus Forbairt. Beidh neart oibre romhainn sna seachtainí atá le teacht agus an Bille ag dul tríd an Dáil le cinntiú go dtabharfar aghaidh ar ghéarchéim tithíochta na Gaeltachta. Ag deireadh an lae, gan pobal ní bheidh teanga.

An oíche chéanna, phlé Oifigeach Forbartha Fhorbairt Chonamara Láir Teo., Máirín Ní Choisdealbha Seoige, cúrsaí pleanála agus forbartha ar an gclár 7 LÁ. Deir sí: "Thiar i gConamara ní féidir linn mórán dul chun cinn a dhéanamh maidir le scéim tithíochta a fhorbairt mar níl an t-infreastruchtúr ann....Caitheamh muid é sin a cheartú, caithfear an infheistíocht cheart a dhéanamh san infreastruchtúr i gceantair Ghaeltachta sa chaoi is go bhfuil deis ag comharchumainn an chéim sin a thógáil".



# Gradaim Gnó na hÉireann

Ba údar mór bróid do Phleanáil Teanga Chonamara Láir cuireadh a fháil ó Phádraig Ó Neachtain, Oifigeach Forbartha Fiontraíochta agus Gnó le Glór na nGael, chun cuairt a thabhairt ar Tigh Mháille i Ros Muc agus ar Ed (The Green Bee) i gCamus chun Gradam Gnó na hÉireann a bhronnadh orthu. Níor éirigh leis an dá ghnó freastal ar an ócáid bhronnta ina ndearnadh ceiliúradh ar shaothar na ngnólachtaí i mí na Samhna seo caite ach bhí siad an-sásta an t-aitheantas a fháil agus ar ndóigh tá sé tuillte go mór acu.









# Nuacht ó Chlub Óige Rosmuc

**Bhí riméad an domhain ar ghasúir agus pobal óg Chamuis agus Ros Muc nuair a chuala siad go mbeadh seans ann go dtabharfaidh Paul Conroy cuairt orthu, a bhuíochas sin do thacaíocht Phleanáil Teanga Chonamara Láir.**
**Dár ndóigh, ní strainséar don cheantar é Paul mar gur de bhunú Ros Muc a athair, Beannacht Dé lena anam.**
**Mheabhraigh sé don phobal a bhí i láthair an tábhacht a bhaineann le spóirt agus a bheith aclaí. Labhair sé faoin mbaint atá aige féin leis an gceantar agus an bród atá aige as a theanga dhuchháis.**
**Níor fhág sé aon duine gan pictiúr agus síniú a thabhairt dóibh.**
**Focal scoir ó na gasúir 'Bhí sé class'.**
**Go raibh míle maith agat Paul as cuairt a thabhairt orainn i gConamara Láir agus guímid gach rath ort.**









## *Laochra Teanga mhí Eanáir*


Comhghairdeas mór le Eoghan Ó Loideáin ón gcéad bhliain agus Conor Mac Donnacha ón séú bliain i Scoil Phobail Mhic Dara, as a bheith ainmnithe mar laochra teanga do mhí Eanáir.
Tá an scéim seo á maoiniú ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir chun tacú leis an scoil aitheantas a thabhairt do dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge á gcur chun cinn acu.

## Scléip Gael Linn 2024

D'fhreastal scoláirí na hidirbhliana ó Scoil Phobail Mhic Dara ar an gCraobh Náisiúnta den Chomórtas Scléip chun tacú lena gcomhscoláire, Grace Nic an Iomaire, a bhí mar iomaitheoir sa gcomórtas.
Faraor, níor éirigh léi sa gcomórtas ach ar ndóigh ba éacht ann féin é dul chomh fada sin.
Bhí lá iontach acu ar fad thuas sa bpríomhchathair.
Sa phictiúr ar dheis- Máire Ní Dhomhnail agus Grace in éindí le Mairéad Ní Neachtain, Riarthóir Scléip.



## Lá Stairiúil do Chamus agus don Ghaeltacht




Osclaíodh Naíonra Chamuis, atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, go hoifigiúil an 9 Feabhra. Bhí Iris Aniar á craoladh beo ón naíonra an mhaidin sin agus bhí spraoi ag na gasúir agus iad ag seinm ceoil. Ócáid iontach agus bhríomhar a bhí ann.
Is seirbhís réamhscoile ar leith í seo mar gur naíonra faoin aer atá i gceist - an chéad naíonra dá leithéid sa nGaeltacht. Beidh na gasúir ag foghlaim faoin timpeallacht, faoin dúlra áitiúil agus faoina gcultúr trína dteanga dhúchais féin.
Tá áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir gur féidir linn tacú leis an Naíonra nua seo.
Comhghairdeas ó chroí le Scoil Chamuis agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta. Tá obair dochreidte déanta acu agus go mba fada buan Naíonra Chamuis.

Tá áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir é a fhógairt go mbeidh an Campa Muireolaíochta a reáchtáil arís i mbliana ón 25 - 28 Márta.




Tugann an campa seo eolas bunúsach do na scoláirí faoi eolaíocht na mara agus clúdaítear ábhair ar nós ár bpobal chósta, an fharraige oscailte, an fharraige dhomhain, truailliú agus imscrúdú ar an nasc atá idir na scoláirí féin leis an bhfarraige timpeall orthu.
Le linn an chúrsa beidh na daltaí i mbun turgnamh, déanfaidh siad taighde agus baileoidh siad sonraí a bhaineann leis an gcósta timpeall orthu. Sa seomra ranga nua idirghníomhach, tabharfar spreagadh do na daltaí a gcuid smaointe féin a fhorbairt, ceisteanna a chur agus teacht ar réitigh ar na dúshláin atá roimh thimpeallacht na mara i láthair na huaire.
Tá spásanna teoranta agus is é an spriocdháta don léiriú spéise ná an 10 Márta. Ní mór ríomhphost a sheoladh chuig opt@conamaralair.ie.

## Campa Cásca Mol an Óige




A chairde, beidh club do ghasúir idir 5-12 bliana ar siúl i gColáiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh Ros Muc ón 2-5 Aibreán (idir an 10:00r.n. agus 2:00i.n.)
Beidh neart ar siúl - spórt, ceol, bácáil, ealaín agus neart eile.
Is é costas an chlub ná €35 do pháiste amháin agus €30 do gach páiste ina dhiaidh sin.
Tapaigh do dheis agus bí cinnte do spás a chur in áirithe!!
Seol ríomhphost chuig molanoige22@gmail.com.
Is í an Ghaeilge teanga an champa seo.

## Cruinniú Poiblí- Cór Chonamara Láir



**An bhfuil suim agat sa cheol agus san amhránaíocht?
Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir cór de ghrúpa amhránaithe agus ceoltóirí a bhunú i gConamara Láir.
Beidh cruinniú ar siúl ar an 6ú Márta ag an 7:30 i.n.
in Ionad Pobail Chill Chiaráin.
Tá míle fáite roimh chách. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig opt@conamaralair.ie**



## Tacaíocht d'Fhoilseacháin 2024

*Tá tacaíocht ar fáil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir do ghrúpaí atá ag plé le foilseacháin atá dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge agus an cultúr dúchasaigh i gConamara Láir.
Cuir scéala chuig: opt@conamaralair.ie
Más mian leat iarratas a dhéanamh.
Spriocdháta d'iarratais: 30ú Aibreáin*

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## FOLÚNTAS – Oifigeach Pleanála Teanga Chonamara Láir

***Post lán-aimseartha ar conradh***

**Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:**

- **Ardchaighdeán líofachta i labhairt agus scríobh na Gaeilge – riachtanach.**
- **Duine cumasach, fuinniúil go bhfuil suim, taithí agus cáilíochtaí aige/aici i gcur chun cinn na Gaeilge agus i bhforbairt pobail.**
- **Scileanna ríomhaireachta den scoth**
- **Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais**
- **Cur amach ar na meáin shóisialta**
- **Taithí ag obair mar bhall d'fhoireann**
- **Scileanna maithe idirphearsanta, cumarsáide agus eagrúcháin**

**Pá: €36,236 - €51,750 (ag brath ar thaithí)**
**Tá na mionsonraí a bhaineann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Forbairt Chonamara Láir ag: 087 3294478 fclteo@conamaralair.ie**
**Tá cóip de Phlean Teanga Chonamara Láir ar fáil ar: www.conamaralair.ie**
**Ba chóir iarratas mar aon le C.V. a sheoladh chuig: An tOifigeach Forbartha, Forbairt Chonamara Láir Teo., Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91X07X nó fclteo@conamaralair.ie roimh 14 Márta 2024 @ 4.00 i.n.**

# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na Míosa: Mairéad Ní Cheannabháin**
**Ról/Post: Aistritheoir**

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Maggie nó Mags ach tá mé cinnte go dtugann daoine ainmneacha níos measa ná sin orm!

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Doire Iorrais.

**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Tá mé ag obair mar aistritheoir Gaeilge/Béarla le beagnach 20 bliain. Tá an t-ádh orm go bhfuil mé in ann fanacht i gConamara agus mo chuid oibre a dhéanamh anseo agus tugann an spás cianoibre sa gteic i gCarna an deis dom é sin a dhéanamh.

**4.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Déanaim mo chuid oibre ar fad trí Ghaeilge. Bím ag aistriú d'eagraíochtaí áitiúla, Conamara Láir ina measc, don rialtas agus do chomhlachtaí teilifíse.

**5.Céard é an béile is fearr leat?** An béile é Dairymilk?! Is breá liom curaí nó risotto maith.

**6.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Tigh Chadhain i gCill Chiaráin. Níl a shárú le fáil. Béile breá agus comhluadar maith.

**7.Cén saghas ceoil a thaitníonn leat?** Rac-cheol.

**8.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Bhreathnaigh mé ar The Last of Us agus Succession le déanaí. Agus snúcar!

**9.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Dul go dtí an trá, go háirithe Trá Bhuí ar an Aird Mhóir. Is maith liom a bheith ag siúl chomh maith.

**10.An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Bhí muid i Londain anuraidh agus thaitin sé iontach liom fhéin agus le mo bheirt chailíní. Chuaigh muid go dtí an zú, Madame Tussauds, Harry Potter. Tá an-oiread le déanamh ann, ní bheidh tú díomhaoin. Ní duine sun holidays mé, tá mé ró-gheal.

**11.Cén cineál scannáin a bhfuil suim agat iontu?** Scannáin uafáis, scanrúla. Leithéidí Exorcist, The Omen srl.

**12.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach, cén sort leabhar a cheannófá?** Úrscéalta is mó a thaitníonn liom. An leabhar is mó a thaitin liom riamh ná Where the Crawdads Sing le Delia Owens. Tá mé i mo bhall de chlub léitheoireachta a thosaigh i Ros Muc le gairid. Tagann muid le chéile uair sa mhí, bhíonn an-chraic againn.

**13.An noiméad den lá is fearr leat?** Nuair a bhíonn chuile dhuine sa mbaile tráthnóna. Ag éisteacht le scéalta na gcailíní, an méid a tharla ag an scoil, ag caint faoi rudaí bríomhara agus rudaí seafóideacha. Gach duine slán sábháilte, te teolaí.

**14.An t-am den bhliain is fearr leat?** Oíche Shamhna. Bíonn an-chraic go deo i dteach sin againne. Na scannáin, ag gléasadh suas, na puimcíní srl.

**15.An chomhairle is fearr a tugadh duit?** Rud a dúirt bean an-chliste, an-chineálta, an-chneasta liom fadó – "Coinnigh do mhisneach".

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Christina Gannon, Leitir Mucú, a bhuaigh comórtas mhí Feabhra. Is í Paula Lydon, Oifigeach Turasóireachta Cósta Gaelach Chonamara & na hOileán, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Feabhra chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

### Inis Ní

Ciallaíonn sé go simplí 'Oileán Mhuintir Uí Niadh' mar go sloinne áitiúil agus an-choitianta é Ó Niadh ar an Oileán

## Seanfhocal na Míosa:

Arsa Bríd: Gach re lá breá ó mo lá-sa amach:
Arsa Pádraig: Gach lá breá ó mo lá-sa amach, is leath mo lae féin leis."

---

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**